



An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0413(CNS)

9204/23
ADD 1

FISC 83
ECOFIN 419

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	Treoir lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le comhar riaracháin i réimse an chánachais (DAC8) – Cur chuige ginearálta

RÁITEAS ÓN mBEILG

‘Is díol sásaimh don Bheilg an nuashonrú ar an treoir maidir le comhar riaracháin (DAC) agus tacaíonn sí go hiomlán leis an nuashonrú sin. Céim thábhachtach eile is ea an treoir nua seo chun malartú faisnéise maidir le cúrsaí cánach a neartú. Tá sé ríthábhachtach dúinn go n-íocfadh gach duine a chion cothrom cánach, gnólachtaí agus daoine aonair a oibríonn le cripteá-shócmhainní agus ríomh-airgead san áireamh.

Aontaímid leis an téacs comhréitigh críochnaitheach maidir le DAC8.

San am céanna, creidimid nach mór dúinn féachaint le bealaí a aimsiú lena mbeidh lucht riaracháin chánach in ann teagmhais inchánach a rianú agus a shainaithint ar an mbealach is éifeachtúla is féidir. Baineann sé sin go háirithe le hoibleagáid dhlíthiúil thráthúil go ndéanfar uimhreacha aitheantais cánach (TIN) a chur san áireamh i gcomhthéacs an uathmhalaraithe shainordaithigh faisnéise maidir le tuarascálacha de réir tíre de bhun Threoir 2011/16/AE (DAC4).

Táimid den tuairim gur inmholta go hard do na Ballstáit uile leas a bhaint as an bhféidearthacht tuairisciú TIN a chur chun feidhme ón 1/1/2024 ar aghaidh i bhfianaise dhea-fheidhmiú na dTearmann i dtreoir cholún 2 (Treoir (AE) 2022/2523 ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le híosleibhéal domhanda cánachais a áirithiú do ghrúpaí ilnáisiúnta fiontar agus do ghrúpaí mórsála intíre san Aontas).

Ar deireadh, iarraimid ar an gCoimisiún obair leantach a dhéanamh maidir leis an tsaincheist sin agus an ráiteas seo a chur san áireamh sna leasuithe a dhéanfar amach anseo ar DAC.’
